

Studied Poem/Song | Sample Answer

Ainmnigh dán/amhrán ó Liosta Téacsanna Dualgais T2 a bhfuil scéal suimiúil ann. Ní mór teideal an dáin/amhráin sin agus ainm an fhile/an chumadóira a scríobh síos go cruinn.

(2020 Mock Q8)

Teideal an dáin/an amhráin: Dán do Lara

Ainm an fhile/an chumadóira: Mícheál Ó hAirnéide

(a) Cad é scéal an dáin/an amhráin?

Sa dán seo, déanann an file cur síos ar a iníon. Is léir go bhfuil a lán grá agus bród air dá iníon. Tá an file ag caint lena iníon faoin a ghrá atá aige di. Ba mhaith leis go mbeadh a fhios aici go bhfuil grá aige di agus go dtacóidh (support) sé léi i gcónaí (always).

(b) Déan cur síos ar na mothúcháin is láidre sa dán.

Is é grá an mothúchán is láidre sa dán seo. Is duine grámhar é an file gan aon dabht (without a doubt). Tá grá an fhile dá iníon le mothú sa dán seo. Ceapann sé go bhfuil a iníon go hálainn agus gleoite (cute). Feicimid é seo san abairt, “Is cumhracht tusa, is mil, is sú talún; ceapann na beacha féin gur bláth sa pháirc thú”.

Tá an dán seo ar maos le (dripping with) bród freisin. Tá sé bródúil dá iníon mar tá sí go hálainn. Tuigeann sé go bhfuil sí ag fás (growing) agus tá bród air.

(c) Déan cur síos ar íomhá láidir amháin atá sa dán.

Úsáideann an file íomhánna deasa sa dán seo. Sa chéad véarsa, feicimid íomhá dá cuid gruaige. Tuigimid go bhfuil Lara rua. Feicimid é seo san abairt, “Fuinseog trí thine”. Feicimid íomhá do scata nóiníní freisin. Tá Lara ag súgradh sa pháirc agus tá “scata nóiníní ag súgradh léi”. Léiríonn sé go bhfuil sí spráíúil (playful).

(d) Cad a mhothaigh tú féin nuair a léigh tú an dán? Cuir fáthanna le do fhreagra.

Nuair a léigh mé an dán, bhí mé corraithe, mar mhothaigh mé an grá agus an sonas **ag sileadh** (radiating/dripping) leis an bhfile. Is léir go bhfuil a lán grá sa saoil Lara. Cuireann sé áthas orm go bhfuil sonas agus sláinte uirthi.

Chomh maith le sin, mhothaigh mé an brón atá ar an bhfile mar tá a chailín beag ag fás agus ag éirí **neamhspleách** (independent). Tá bród air, ach tá brón air freisin mar tá a fhios aige go bhfuil Lara ag fás. Tá sé soiléir go bhfuil a lán grá aige dá iníon agus níl sé ag teastáil Lara **a chailleadh** (to lose). Cuireann sé sin seo brón orm.